



Digital Energy

Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin i gcomhair tháirgí Trealaimh Chumhachta de chuid GE Digital Energy

Cód foilseacháin GE: GET-8545

Cóipcheart © 2011 GE Digital Energy

GE Digital Energy

215 Anderson Avenue, Markham, Ontario

Ceanada L6E 1B3

Teil: (905) 294-6222 Facs: (905) 201-2098

Idirlíon: <http://www.GEdigitalenergy.com>

© 2011 GE Digital Energy Ionchorpraithe. Gach ceart ar cosaint.

Doiciméad de chuid GE Digital Energy ar Cheanglais Teanga an Chomhartha CE.

Is le GE Digital Energy Ion. a bhfuil sa lámhleabhar seo. Soláthraítear an doiciméadú seo faoi cheadúnas agus caithfear cead a fháil ó GE Digital Energy chun é a atáirgeadh go hiomlán nó go páirteach. Is chun críocha eolais amháin atá an t-ábhar sa doiciméad seo agus féadfar é a athrú gan fógra.



Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin

Clár na n-ábhar

CEANGLAIS GHINEARÁLTA

Réamhrá.....	1
Cuspóir an doiciméid seo	1
Giorrúcháin a úsáidtear sa doiciméadú Trealamh Chumhachta de chuid GE Digital Energy	1
Siombailí grafacha a úsáidtear sa doiciméadú Trealamh Chumhachta de chuid GE Digital Energy	2
Stór focail teicniúil don doiciméadú Trealamh Chumhachta de chuid GE Digital Energy.....	7
Treoracha ginearálta do gach táirge	10
Treoracha comhshaoil	10
Réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta	10
Treoracha cóimeála	11
Treoracha cothabhála	12
Eolas úsáide	13

CEANGLAIS SPEISIALTA

Lascadh Cumhachta	15
Lasca Uatháistrithe LUA.....	15
Braiteacht chumhachta	16
Claochladáin Ionstraime	16
Soláthairtí Dobhriste Cumhachta SDC	16
Seachadadh cumhachta	18
Diúscairt toilleoirí nó tuilí.....	18
Guais indóite tine thuilithe	18
Toilleoirí teipthe a láimhseáil.....	19
Guais pléasctha.....	19
Cosaint ar thurraing.....	19

DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA AE

Teimpléid chomhréireachta GE Digital Energy	21
--	-----------

INNÉACS

Innéacs Ginearálta.....	25
--------------------------------	-----------



Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin

Caibidil 1: Ceanglais ghinearálta

Réamhrá

Cuspóir an doiciméid seo

Is é is cuspóir don doiciméad seo eolas breise a sholáthar don úsáideoir maidir le sábháilteacht táirgí agus le comhlíonadh rialacháin a bhaineann le táirgí Trealaimh Chumhachta de chuid Digital Energy. Ba chóir go n-úsáidfí an doiciméad seo in éineacht leis na lámhleabhair úsáideora agus suiteála is infheidhme agus le haon doiciméadú eile a sholáthrófaí.

De bharr na gcásanna suiteála go léir agus na dtimpeallachtaí go léir inar féidir gléasanna a oibriú, caithfidh an t-úsáideoir na baoil go léir a bhaineann leis an trealamh, lena shuiteáil, agus lena chothabháil, a mheas go cúramach. Cé gur treoirleabhar cuimsitheach é an treoirleabhar seo, níor ceapadh é chun tuairisc a thabhairt ar gach uile bhaol a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Déan teagmháil le do thoil leis an ionad um sheirbhís do chustaiméirí faoi seach de chuid GE Digital Energy chun tuilleadh eolais a fháil nó chun soiléiriú a fháil ar an eolas a sholáthraítear sa doiciméad seo.

Giorrúcháin a úsáidtear sa doiciméadú Trealaimh Chumhachta de chuid GE Digital Energy

Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas sa doiciméad seo.

SA..... Sruth Ailtéarnach (leictreachas)

TAI..... Teorainn Astúcháin Inrochtana

ANSI 'American National Standards Institute'

LUA..... Lasc Uathastrithe

TSM Tomhas Sreinge Meiriceánach

Cd..... Caidmiam (dúil cheimiceach)

SC..... Sruthchlaochladán

SD.....	Sruth Díreach (leictreachas)
CLM.....	Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach
DLS.....	Díluchtú Leictreastatach
Hg.....	Dúil cheimiceach mearcair
IEC.....	'International Electro technical Commission'
IEEE	'Institute of Electrical and Electronics Engineers'
CNL	Cód Náisiúnta Leictreach
NFPA	'National Fire Protection Association'
Pb	Luaidhe (dúil cheimiceach)
VSÍS.....	Voltas Sáriseal Sábháilteachta
SDC.....	Soláthar Dobhriste Cumhachta
CV	Claochladán Voltais

Siombailí grafacha a úsáidtear sa doiciméadú Trealaimh Chumhachta de chuid GE Digital Energy

Féadfaidh na siombailí grafacha seo a leanas a bheith le feiceáil ar na táirgí nó sa doiciméadú táirge.



Rabhadh

Sa doiciméadú nó ar an trealamh.

Cuirtear in iúl leis an deilbhín rabhadh go bhféadfar damáiste a dhéanamh don trealamh nó do na sonraí mura gcloífear leis na treoracha i gceart.



Aire

Sa doiciméadú nó ar an trealamh.

Cuirtear in iúl leis an deilbhín aire go bhféadfar damáiste a dhéanamh don trealamh nó do na sonraí nó go bhféadfar díobháil a dhéanamh don phearsanra mura gcloífear leis na treoracha i gceart.



Contúirt

Sa doiciméadú nó ar an trealamh.

Tugann an deilbhín contúirte rabhadh d'úsáideoirí go bhféadfar díobháil thromchúiseach nó mharfach a dhéanamh dóibh féin nó do dhaoine eile.



Baol turrainge leictirí

Sa doiciméadú nó ar an trealamh.

Guais stua-splaince nó turrainge. Bíonn TCP (trealamh cosanta pearsanta) cúí riachtanach.




Ceallra, ginearálta

Ar threalamh faoi chumhacht ceallraí.

Chun gléas a aithint a bhaineann le cumhacht a sholáthar do threalamh ag úsáid ceallra (ceallra príomhúil nó ceallra stórais), mar shampla cnaipe tástála ceallra, suíomh na dteirminéal nascóra, srl.

Níl an tsiombail seo ceaptha chun polaraíocht a chur in iúl.



Suíomh na cille

Ar ghabhdáin ceallra agus iontu siúd.

Chun an gabhdán ceallra féin a aithint agus chun suíomh na cille nó na gceall istigh sa gabhdán ceallra a aithint.

**Tiontaire SA/SD, coigeartóir, soláthar cumhachta ionadach**

Chun an tiontaire SA/SD a aithint agus, i gcás gléasanna plugála, chun na gabhdáin ábhartha a aithint.

**Plus; polaraíocht dheimhneach**

Chun teirminéal deimhneach nó teirminéil dheimhneacha a aithint ar threalamh a úsáideann sruth díreach, nó a ghineann sruth díreach. Braitheann brí na siombaile grafaí seo ar a treoshuíomh.

**Míneas; polaraíocht dhiúltach**

Chun teirminéal diúltach nó teirminéil dhiúltacha a aithint ar threalamh a úsáideann sruth díreach, nó a ghineann sruth díreach. Braitheann brí na siombaile grafaí seo ar a treoshuíomh.

**“Ann” (cumhacht)**

Chun a chur in iúl go bhfuil nasc ann leis an bpríomhlíonra, do lasca príomhlíonra nó a suíomhanna ar a laghad, agus i ngach cás ina bhfuil an tsábhailteacht i gceist.

Braitheann brí na siombaile grafaí seo ar a treoshuíomh.

**“As” (cumhacht)**

Chun a chur in iúl nach bhfuil nasc ann leis an bpríomhlíonra, do lasca príomhlíonra nó a suíomhanna ar a laghad, agus i ngach cás ina bhfuil an tsábhailteacht i gceist.

Braitheann brí na siombaile grafaí seo ar a treoshuíomh.

**Fuireachas**

Chun an lasc nó suíomh laisce a aithint lena ndéantar cuid den trealamh a lascadh ann d’fhonn í a chur i mód fuireachais.

**“Ann/As” (brúigh-brúigh)**

Chun a chur in iúl go bhfuil nasc ann leis an bpríomhlíonra, nó nach bhfuil, do lasca príomhlíonra nó a suíomhanna ar a laghad, agus i ngach cás ina bhfuil an tsábhailteacht i gceist. Is suíomhanna cobhsaí iad an dá shuíomh, “ANN” nó “AS”.

**“Ann/As” (brúchnaipe)**


Chun a chur in iúl go bhfuil nasc ann leis an bpríomhlíonra, do lasca príomhlíonra nó a suíomhanna ar a laghad, agus i ngach cás ina bhfuil an tsábhailteacht i gceist. Is suíomh cobhsaí é “AS” – ní mhaireann an suíomh “ANN” ach amháin nuair a bhíonn an cnaipe brúite.

**Lampa; soilsíú**

Chun lasca a aithint lena rialaítear foinsí solais, m.sh. soilsíú seomra, lampa theilgeoir scannáin, soilsíú diaile ar ghléas.

**Aerbhrúiteoir (séidire, gaothrán, srl.)**

Chun an lasc nó rialaitheoir a aithint lena n-oibrítear an t-aerbhrúiteoir, m.sh. gaothrán theilgeoir scannáin nó sleamhnán, gaothrán seomra.

**Fiús**

Chun fiúsbhoscaí nó a suíomh a aithint.

**Talmhú**

Chun teirminéal talmhaithe a aithint i gcásanna nach mbíonn gá ann go follasach le haghaidh na siombailí **Talmhú gan torann (glan)** nó **Talmhú cosanta** a thaispeántar thíos.

**Talmhú gan torann (glan)**

Chun teirminéal talmhaithe gan torann (ghlaine) a aithint, m.sh. teirminéal atá ina chuid de chóras talmhaithe a ceapadh go speisialta chun mífhaidhm trealaimh a sheachaint.

**Talmhú cosanta**

Chun teirminéal a aithint a bhfuil sé beartaithe é a nascadh le seoltóir seachtrach chun cosaint ar thurraing leictreach i gcás lochta, nó chun teirminéal de chuid leictreoidé talmhaithe cosanta a aithint.

**Talmhú fráma nó fonnaidh**

Chun an teirminéal talmhaithe fráma nó fonnaidh a aithint.

**Comhphoitéinseal**


Chun na teirminéil a aithint a chruthaíonn an poitéinseal céanna i measc codanna difriúla trealaimh nó córais, nuair a dtugtar le chéile iad, gur poitéinseal é nach gá dó a bheith ina phoitéinseal talmhaithe, m.sh. i gcomhair nascadh áitiúil.

**Sruth díreach**


Chun a chur in iúl ar an gclár rátála nach bhfuil an trealamh oiriúnach ach amháin i gcomhair srutha dhíreach; chun na teirminéil ábhartha a aithint.

**Sruth ailtéarnach**

Chun a chur in iúl ar an gclár rátála nach bhfuil an trealamh oiriúnach ach amháin i gcomhair srutha ailtéarnaigh; chun na teirminéil ábhartha a aithint.

**Sruth díreach agus sruth ailtéarnach araon**

Chun a chur in iúl ar an gclár rátála go bhfuil an trealamh oiriúnach i gcomhair srutha dhíreach agus srutha ailtéarnaigh (uilígh) araon; chun na teirminéil ábhartha a aithint.

**Ionchur**

Chun teirminéal ionchuir a aithint nuair is gá idirdhealú a dhéanamh idir ionchur agus aschur.

**Aschur**

Chun teirminéal aschuir a aithint nuair is gá idirdhealú a dhéanamh idir ionchur agus aschur.

**Voltas contúirteach**

Chun guaiseacha a chur in iúl a eascraíonn as voltais chontúirteacha. I gcás go n-úsáidfean an tsiombail i gcomhartha rabhaidh, cloífean leis na rialacha de réir ISO 3864.

**Aire, dromchla te**

Chun a chur in iúl go bhféadann an earra marcáilte a bheith te agus gur cóir a bheith cúramach agus teagmháil á déanamh leis.

Déantar an tsiombail sa lár a chaighdeánú in ISO 7000-0535 “Traschur teasa, ginearálta”. Déantar comharthaí rabhaidh a chaighdeánú in ISO 3864.

**Ná húsáidfeair i limistéir chónaithe**

Chun trealamh leictreach a aithint nach bhfuil oiriúnach i gcomhair limistéir chónaithe (m.sh. trealamh a chruthaíonn trasnaíocht raidió nuair a bhíonn sé á oibriú).

**Lampa comhartha**

Chun an lasc a aithint lena ndéantar an lampa comhartha nó na lampaí comhartha a lascadh ann nó a lascadh as.

**Gléasanna leictreastatach-íogair**

Ar phacáistí ina bhfuil gléasanna leictreastatach-íogair agus ar na gléasanna féin.

Chun eolas breise a fháil féach IEC 60747-1.

**Radaíocht leictreamaighnéadach neamhianúcháin**

Chun a chur in iúl go bhfuil leibhéil radaíocht neamhianúcháin ardaithe ann a bhféadfaidh leo a bheith contúirteach.

I gcás go n-úsáidfeair an tsiombail i gcomhartha rabhaidh, cloífeair leis na rialacha de réir ISO 3864.

**Radaíocht ghaireas léasair**

Chun radaíocht táirgí léasair a aithint.

I gcás go n-úsáidfeair an tsiombail i gcomhartha rabhaidh, cloífeair leis na rialacha de réir ISO 3864.

**Claochladán**

Chun lasca, rialaitheoirí, nascóirí nó teirminéil a aithint lena ndéantar trealamh leictreach a nascadh leis an bpríomhlíonra trí chlaochladán.

Chomh maith leis sin, féadtar an tsiombail a úsáid ar chlúdach nó ar chásáil chun a chur in iúl go bhfuil claochladán ann (m.sh. i gcás gléis phluga).

**Trealamh Aicme II**

Chun trealamh a aithint a bhfuil na ceanglais sábháilteachta á gcomhlíonadh aige atá sonraithe do threalamh Aicme II de réir IEC 60536.

Cuirfeair an tsiombail den chearnóg dhúbailte in áit éigin ina mbeidh sé soiléir gur cuid den eolas teicniúil í agus nach bhféadfar í a mheascadh ar chor ar bith le hainm an déantóra nó le gnéithe aitheantais eile.

**Voltas tástála**

Chun trealamh a aithint ar féidir voltas tástála 500 V a sheasamh.

Féadfar luachanna eile de voltas tástála a chur in iúl de réir na gcaighdeán ábhartha IEC: féach mar shampla IEC 60414.

**Trealamh Aicme III**

Chun trealamh a aithint a bhfuil na ceanglais sábháilteachta á gcomhlíonadh aige atá sonraithe do threalamh Aicme III de réir IEC 60536.

**Coigeartóir, ginearálta**

Chun trealamh coigeartaithe a aithint, chomh maith leis na teirminéil agus na rialtáin a bhaineann leis.



Tiontaire SD/SA

Chun tiontaire SD/SA a aithint, chomh maith leis na teirminéil agus na rialtáin a bhaineann leis.



Claochladán gearrchiorcad-dhíonach

Chun claochladán a aithint ar féidir gearrchiorcad a sheasamh, ó nádúr nó ar dhóigh eile.



Claochladán aonraíoch

Chun claochladán de chineál aonraíoch a aithint.



Claochladán aonraíoch sábháilteachta

Chun claochladán aonraíoch sábháilteachta a aithint.



Claochladán nach bhfuil gearrchiorcad-dhíonach

Chun claochladán a aithint nach féidir gearrchiorcad a sheasamh.



Tiontaire le sruth cobhsaithe aschuir

Chun tiontaire a aithint a sholáthraíonn sruth seasta.



Aláram, ginearálta

Chun aláram ar threalamh rialaithe a chur in iúl.

Féadfar an cineál aláraim a chur in iúl taobh istigh den triantán nó thíos faoin triantán.



Aláram práinneach

Chun aláram práinneach ar threalamh rialaithe a chur in iúl.

Féadfar an cineál aláraim a chur in iúl taobh istigh den triantán nó thíos faoin triantán.

Féadfar práinn an aláraim a chur in iúl trí shaintréith an aláraim a athrú, m.sh. ráta splantha chomhartha amhairc, nó códú chomhartha inchloiste.



Glan an córas aláraim

Ar threalamh aláraim.

Chun an rialtán a aithint lena ndéanfar an ciorcad aláraim a athshocrú chuig a staid tosaigh.

Féadfar an cineál aláraim a chur in iúl taobh istigh den triantán oscailte nó thíos faoin triantán.



Bac ar aláram

Chun an bac ar aláram ar threalamh rialaithe a aithint.

Féadfar an cineál aláraim a chur in iúl taobh istigh den triantán nó thíos faoin triantán.

Stór focail teicniúil don doiciméadú Trealaimh Chumhachta de chuid GE Digital Energy

Féadfaidh an téarmaíocht seo a leanas a bheith le feiceáil ar na táirgí nó sa doiciméadú táirge.

Aire	Ráiteas a thugann cur síos ar ghuais fhéideartha.
Ardphoit	Giorrúchán ar ardphoitéinseal.
Ardvoltas	Ciorcaid le níos mó ná 1000 V mar shruth ailtéarnach agus le 1500 V mar shruth díreach ar a laghad.
Athbhútáil	Rialú bogearraí a atosú trí dheireadh a chur leis an gcumhacht.
Bac ciorrúcháin	Gléas a chuireann cosc ar dhó-ídiú sruthchlaochladáin.
Bus talmhaithe	Seoltóir a úsáidtear mar thagairt nialas-voltais i gcóras.
Calabrú	An próiseas ina ndéantar aschur ionstraim an tomhais a athrú chun teacht le luach an chaighdeáin is infheidhme, laistigh de chruinneas sonraithe.
Cásáil	Iniamh ina bhfuil roinnt trealaimh.
Ceallra	Cill leictriceimiceach amháin nó níos mó a dhéanann fuinneamh ceimiceach stóráilte a thiontú i bhfuinneamh leictreach.
Ciorcad beo	Is éard atá i gceist le ciorcad leictreach SA ná an sreang (i gcóras aon phas) lena n-íompraítear voltasascalach i leith an talmhaithe.
Ciorcaid thánaisteacha ..	Sreangú atá nasctha le tochrán tánaisteach claochladáin, corna ionductúcháin, nó gléis den chineál céanna.
Claochladán ionstraime ..	Úsáidtear é seo chun an voltas agus an sruth i gcórais cumhachta leictreá a thomhas, agus chun córais chumhachta a chosaint agus a rialú.
Claochladán	Gléas statach lena ndéantar fuinneamh leictreach a thraschur ó chiorcad amháin go dtí ciorcad eile trí sheoltóirí atá cúpláilte go hionductach.
Contúirt	Ráiteas a thugann cur síos ar an mbagairt teagmhas díobháilach.
Córas cumhachta	Líonra comhpháirteanna leictreacha lena ndéantar cumhacht leictreach a sholáthar, a tharchur agus a úsáid.
Cosaint phríomhúil	An príomhmheán chun córais cumhachta leictreá a chosaint ar lochtanna.
Cothabháil	Gnáth-ghníomhartha a choinníonn an gléas leictreach in ordú.
Cumhdaithe	Cábla leictreach de sheoltóir inslithe amháin nó níos mó a bhfuil comhchiseal seoltach timpeall air.
Díluchtú	Fuinneamh stóráilte a scaoileadh.
Díobháil	Damáiste d'orgánach bitheolaíoch.
Dónna	Cineál díobháil feola a mbíonn an teas, leictreachas, ceimiceáin, an solas, radaíocht nó frithchuimilt mar chúis léi.
Fiús	Cineál gléis íobartaigh a chosnaíonn ar fhoshruth.
Fonnadh	An pointe tagartha i gcorcad leictreach óna ndéantar voltas eile a thomhas, nó aischonair choiteann don sruth leictreach, nó nasc fisiceach díreach leis an talmhú.

Fostaísiún	Cuid de chóras giniúna leictí, tarchuir leictreach agus dáileacháin leictreach, ina ndéantar voltas a chlaochlú ó ardvoltas go dtí ísealvoltas, nó a mhalairt de dhóigh, nó mórán feidhmeanna tábhachtacha eile.
Fráma	Córas struchtúrach atá ina thacaíocht le comhpháirteanna eile de dhéantús fisiceach.
Friotaíocht.....	An méid a chuireann ábhar i gcoinne srutha leictí, atá ag dul tríd, a thomhas.
Fuinneamh solais.....	Fuinneamh braite an tsolais.
Fuinneamh stóráilte	An fuinneamh a stóráiltear i gcóras toisc a shuíomh i réimse fórsa nó a chumraíocht.
Fuinneamh.....	An cumas atá ag córas fisiceach obair a dhéanamh ar chórais fhisiceacha eile.
Gal gáis.....	Substaint i bhfoirm gáis a bhfuil teocht níos ísle uirthi ná pointe criticiúil na substainte.
Gás indóite.....	Gás ar féidir é a dhó, lena n-áirítear na gáis breosla, hidrigin, hidreacarbón, aonocsaíd charbóin, nó meascán díobh siúd.
Gás.....	Ceann amháin de na trí chinn de staid ábhair.
Gearrchiorcad	Is ciorcad leictreach ann ná ciorcad a ligeann do shruth taisteal ar chonair nach mbíonn coisceas leictreach ann go bunúsach (nó coisceas leictreach an-íseal).
Gléas cosanta	Gléas chun trealamh leictreach a chosaint ar dhíomuanta fuinnimh.
Gléas	Gléas atá dírithe ar chineál áirithe eolais agus ar na tascanna gaolmhara a láimhseáil.
Guais.....	Staid atá ina bagairt de leibhéal áirithe don saol, don sláinte, don réadmhaoin, nó don timpeallacht.
Inadhainte	Cé chomh héasca a dhófaidh rud éigin nó a rachaidh rud éigin trí thine, rud a bheadh ina chúis le tine nó dóchán.
Inslíú.....	Ábhar atá friotaíoch in aghaidh sreabhadh lucht leictreach.
Ionanálú	Aer a thabhairt isteach sna scamhóga ón timpeallacht sheachtrach.
Lasc chumhachta.....	Comhpháirt leictreach ar féidir ciorcad leictreach a bhriseadh, rud a chuireann isteach ar an sruth nó a dhéanann an sruth a atreorú ó sheoltóir amháin go dtí seoltóir eile.
Leictreastatach.....	Luchtanna leictreacha mallghluaisteacha.
Leictirlít	Substaint ar bith ina bhfuil saorain a dhéanann seoltóir leictreach den substaint.
Locht.....	Sreabhadh neamhghnách srutha leictreach ar bith.
Luaidhe.....	Miotal bog intuargainte, easnamhach.
Marfach.....	Ní ar féidir bás a thabhairt.
Méadar	Gléas lena ndéantar an méid fuinnimh leictreach ídithe a thomhas.
Monarcha	Foirgneamh tionsclaíoch ina ndéanann oibrithe earraí nó ina ndéantar maoirseacht ar mheaisíní a mbíonn táirge amháin á dhéanamh de tháirge eile acu.
Ocsaídí.....	Comhdhúil ceimicí ina bhfuil ocsaigin sa staid seo.

Pas-SC	Gléas lena ndéantar pas-srutha leictreacha a thomhas.
Pléascadh	Méadú tapa ar mhéid an fhuinnimh agus scaoileadh an fhuinnimh sin ar mhodh foircneach - gintear ardteochtaí agus déantar gáis a scaoileadh mar thoradh ar seo de ghnáth.
Polladh	Cneá a chruthaíonn ábhar a chuireann polladh sa chraiceann.
Príomhlíonra	An soláthar ilfheidhmeach de chumhacht leictreach srutha ailtéarnaigh (SA).
Rabhadh	Ráiteas réamhchúramach a sholáthraíonn eolas faoi ghuaiseacha féideartha, agus faoi nósanna imeachta cearta.
Radaíocht.....	Próiseas ina mbogann cáithníní fuinniúla nó fuinneamh nó tonnta trí mheán nó trí spás.
Rialaí cosantach.....	Gléas coimpléascach leictreimeicniúil atá ceaptha chun na dálaí oibriúcháin ar chiorcad leictreach a ríomh agus chun na scoradáin chiorcaid tuisleacha a thuisliú nuair a dhéantar locht a aimsiú.
SC talmhaithe	Sruthchlaochladán a úsáidtear chun an sruth talmhaithe a thomhas.
Scoilteanna	Briseadh nó briseadh páirteach in ábhar soladach.
Scoradán ciorcaid.....	Lasc leictreach uathoibríthe atá ceaptha chun ciorcad leictreach a chosaint ar dhamáiste a bhfuil rólódáil nó gearrchiorcad mar chúis leis.
Séidire	Gléas meicniúil chun an t-aer nó gáis eile a bhogadh.
Seolphíobán.....	Úsáidtear é seo chun sreangú leictreach a chosaint agus a ródú.
Seoltóir	Ábhar ar féidir le sruth leictreach dul tríd.
Siombail.....	Ábhar, pictiúr, focal scríofa, fuaim, nó comhartha áirithe atá in ionannas le píosa eolais de bharr comhcheangail, cosúlachta, nó cleachtaidh.
Sruth.....	Sreabhadh lucht leictreach, a dhéantar a iompar de ghnáth, i seoltóir, ag leictreoin a bhíonn ag bogadh.
Stáitar	Cuid cónaitheach de chóras rótair, a bhíonn i ngineadóir leictreach nó i mótar leictreach.
Suíomh guaiseach.....	Áit ina mbíonn comhchruinnithe de gháis, de ghala, nó de dheannach inadhaite.
Talmhú	An pointe tagartha i gchiorcad leictreach óna ndéantar voltais eile a thomhas, nó aischnair choiteann don sruth leictreach.
Teagmhálacha fliuchta .	Teagmhálacha mearcair-fhliuchta.
Teagmhálaí	Gléas seoltach chun ciorcaid leictreacha a nascadh le chéile.
Teocht.....	Airí fisiceach ábhair a léiríonn go cainníochtúil na coincheapa coiteanna te agus fuar.
Timpiste	Gníomh taghdach, neamhghnách agus neamhbheartaithe a tharlaíonn gan chúis dhealraitheach nó thoiúil ar bith, ach lena mbaineann tionchair thábhachtacha.
Timthriall teirmeach.....	Próiseas modhnúcháin teochta a forbraíodh chun feidhmíocht, neart agus fad saoil na n-ábhar éagsúil a fheabhsú.
Tine.....	Ocsaídiú tapa ábhair mar chuid den phróiseas ceimiceach dócháin, a dhéanann teas, solas, agus táirgí éagsúla imoibríthe a scaoileadh.
TLÚ	Giorrúcháin ar thalmhú.

Tocsaineach.....	An méid damáiste ar féidir le substaint a dhéanamh d'orgánach.
Trasghlacadóir.....	Gléas ag a bhfuil tarchuradóir agus glacadóir araon atá comhnasctha agus a roinneann an ciorcadra céanna nó cásáil amháin.
Trealamh cosanta.....	Éadaí cosanta, clogaid, spéaclaí, nó ball éadaigh eile atá ceaptha chun corp an duine a bhfuil na nithe seo á gcaitheamh aige nó aici a chosaint ar dhíobháil ó imbhuailtí maola, ó ghuaiseacha leictreacha, ón teas, ó cheimiceáin, agus ó ionfhabhtú, ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht cheirde a bhaineann leis an bpost.
Trealamh.....	Meaisín ar bith atá faoi chumhacht leictreachais.
Tréleictreach.....	Inslitheoir leictreach.
Turraing.....	Teagmháil leictreach a bhíonn mar chúis le sruth leordhóthanach tríd an gcráiceann, na matáin nó an ghruaig.

Treoracha ginearálta do gach táirge

Treoracha comhshaoil



Cuireann an lipéad seo in iúl nach cóir go ndéanfaí an táirge seo a dhiúscairt in éineacht leis an dramháil teaghlaigh. Ba chóir go ndéanfaí é a thabhairt go dtí saoráid oiriúnach ionas go bhféadfaí é a athshlánú agus a athchúrsáil.

- Bíonn siombail marcáilte ar cheallraí, a d'fhéadfaí a chur san áireamh an litreoireacht do chaidmiam (Cd), luaidhe (Pb), nó mearcair (Hg).
- Déan ceallraí úsáidte a dhiúscairt de réir threoracha an déantóra.
- Ná déan ceallraí a dhiúscairt sa tíne nó in éineacht leis an dramháil teaghlaigh.
- Chun an ceallraí a athchúrsáil i gceart, tabhair ar ais go dtí do sholáthraí nó déan teagmháil le do ghníomhaireacht áitiúil um dhiúscairt dramháilola chun seoladh a fháil don láithreán diúscartha ceallraí is gaire duit.
- Ach amháin má shonraítear a mhalairt, is táirge Aicme A é an táirge seo ar gá a úsáid i dtimpeallachtaí tionsclaíocha amháin.
- Féadfar CLM i dtimpeallachtaí eile a chur i gcontúirt de bharr suaithheadh seolta agus/nó suaithheadh gathach.

Réamhchúraimí ginearálta sábháilteachta

- Mura ndéantar nósanna imeachta oibre sábháilte a chleachtadh, is cosúil go ndéanfar damáiste don trealamh, go ndéanfar díobháil thromchúiseach do dhuine agus/nó go marófar duine.
- Moltar lámhainní sábháilteachta, spéaclaí sábháilteachta agus éadaí cosanta a úsáid agus an trealamh á shuiteáil, á chothabháil nó á sheirbhísiú.
- Caithfear cloí go cruinn leis na nósanna imeachta go léir.
- Mura gcomhlíontar na treoracha a sholáthraítear sa lámhleabhar trealaimh/sna lámhleabhair threalaimh, nó mura gcloítear leo, d'fhéadfaí damáiste do-athraithe a dhéanamh don trealamh nó do réadmhaoin, d'fhéadfaí díobháil a dhéanamh do dhuine agus/nó d'fhéadfadh duine bás a fháil.
- Sula ndéantar iarracht an trealamh a úsáid, tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí contúirte agus aire go léir.

- Má úsáidtear an trealamh ar bhealach nach bhfuil sonraithe ag an déantóir nó má oibríonn sé go mínormálta, lean ort go cúramach. Nó féadfaidh an chosaint a sholáthraíonn an trealamh a bheith laghdaithe agus a bheith ina cúis le lagoibriú agus le díobháil.
- Bí aireach maidir le guaiseacha féideartha, caith trealamh cosanta pearsanta agus scrúdaigh an limistéar oibre go cúramach i gcomhair uirlisí agus ábhar a fágadh istigh sa trealamh.
- Aire: Féadann voltais ghuaiseacha a bheith ina gcúis le turraing nó le dónna nó féadann siad bás a thabhairt.
- Caithfidh taithí a bheith ag pearsanra tástála ar chleachtas ghinearálta tástála gléis agus ar réamhchúraimí sábháilteachta agus caithfidh sé cloí leis na réamhchúraimí caighdeánacha DLS chun díobháil phearsanta nó damáiste trealaimh a sheachaint.
- Sula ndéantar amharciniúchtaí, tástálacha, nó cothabháil thréimhsiúil ar an ngléas seo nó ar na ciorcaid ghaolmhara, aonraigh nó dínasc na ciorcaid bheo ghuaiseacha go léir agus na foinsí cumhachta leictirí.
- Mura ndéantar an trealamh a chasadh as sula mbaintear na naisc cumhachta, féadfaidh tú teacht i mbealach voltas contúirteach a bheidh ina gcúis le díobháil nó a thabharfaidh an bás.
- Ba chóir don trealamh go léir atá molta, ar cóir a bheith talmhaithe, conair talmhaithe iontaofa a bheith aige ar mhaithe leis an sábháilteacht, gur chonair í nach bhfuil i gcontúirt. Chomh maith leis sin, ba chóir dó cosaint ar thrasnaíocht leictreamaighnéadach a bheith aige agus a bheith ag obair i gceart.
- Ba chóir go mbeadh talmhaithe trealaimh nasctha lena chéile agus nasctha le príomhchóras talmhaithe na saoráide don chumhacht phríomhúil.
- Coinnigh na talamhsheoláin go léir chomh gearr agus is féidir.
- Caithfidh teirminéal talmhaithe an trealaimh a bheith talmhaithe i gcónaí agus an gléas á oibriú.
- I gcás inarb infheidhme é, ná nochtar ceallraí do dhálaí stórála nach ndéanann moladh an déantóra a chomhlíonadh.
- Cé go bhféadfaidh céimeanna éagsúla sábháilteachta agus iontaofachta a bheith molta sa lámhleabhar trealaimh, caithfear réamhchúraimí sábháilteachta a úsáid i dteannta na gcód sábháilteachta atá i bhfeidhm san áit ina bhfuil tú.
- Aicmítear tarchuradóirí LED mar IEC 60825-1 Teorainn Astúcháin Inrochtana (TAI) Aicme 1M. Meastar go bhfuil gléasanna Aicme 1M sábháilte don súil neamhchuidithe. Ná hamharc go díreach orthu le hionstraimí optúla.

Treoracha cóimeála

- Caithfear an gléas a shuiteáil de réir an chóid náisiúnta leictreach sa tír chuí.
- Tá an t-úsáideoir deiridh freagrach as a chinntiú go ndéantar an trealamh a shuiteáil, a oibriú, agus a úsáid chun críocha na feidhme atá beartaithe dó, sa bhealach atá sonraithe ag GE.
- Chun an cumas dhíobháil phearsanta de bharr guaiseacha tine a sheachaint, cinntigh go bhfuil an t-aonad suite in áit shábháilte agus/nó laistigh d'iniamh oiriúnach.
- Ná suiteáil má tá an gléas damáistithe. Déan iniúchadh ar an mbosca i gcomhair fabhtanna sofheicthe, scoilteanna sa chásáil san áireamh.
- Cas an chumhacht leictreach as sula ndéanfar aon nasc leictreach, agus cinntigh go bhfuil an táirge talmhaithe i gceart sula nascfar an chumhacht saoráide leis an ngléas.
- AIRE: Ná cuir níos mó voltais leis an ngléas na an t-uasráta leictreach ar féidir leis a sheasamh.

- Téigh i muintín leis na lipéid trealaimh agus/nó leis an lámhleabhar agus/nó leis na lámhleabhair sula gcuirfead voltais leis an ngléas. Mura ndéantar é sin, féadfar damáiste a dhéanamh do réadmhaoin, féadfar díobháil a dhéanamh do dhuine agus/nó féadfar an bás a thabhairt ar dhuine.
- Caithfidh gach uile shreang nach n-úsáidfead ar an bpointe a bheith inslithe i gceart chun a chinntiú nach gcruthófar gearrchiorcad nó guais leictreach má chasfar an chumhacht uirthi de thimpiste.
- Chun mífheidhm nó míobriú trealaimh a sheachaint, moltar na seolphíobáin mhiotalacha nó na cumhdaigh cábla a nascadh leis an talmhú ag an bpointe céanna.

Treoracha cothabhála

- Níl aon pháirt istigh ann ar féidir leis an úsáideoir a sheirbhísiú. Ba chóir go n-oibreodh pearsanra cáilithe amháin ar an trealamh seo.
- Bí aireach nuair a bhíonn tú ag obair in aice leis an trealamh seo nuair a bhíonn voltas beo ann.
- Bí cúramach agus cloígh leis na rialacha sábháilteachta go léir agus an trealamh á láimhseáil, á thástáil, nó á athrú.
- Dínasc an fhoinsé cumhachta i gcónaí agus bain na hionchuir voltais go léir sula ndéanfar an trealamh a sheirbhísiú.
- Féadfaidh voltais a bheith sa ghléas fiú má tá se múctha, agus dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh taithí ag an bpearsanra cothabhála ar na guaiseacha go léir a bhaineann le trealamh leictreach.
- Má dhéantar iarracht fadhbanna trealaimh a réiteach ag úsáid modhanna nach bhfuil molta ag an déantóir, féadfar díobháil a dhéanamh do dhaoine nó feadfar damáiste a dhéanamh do réadmhaoin.
- Más gá agus chun turraing leictreach a sheachaint, dínasc an chumhacht sula ndéanfar fiúsanna agus/nó ceallraí a athsholáthar. Ná déan fiúsanna nó ceallraí a athsholáthar ach amháin leis an gcineál céanna nó le cineál comhchosúil fiúis nó ceallra atá molta ag an déantóir.
- AIRE: Féadfaidh ceallra nua pléascadh má shuiteálfar go mícheart é.
- Caithfead ceallra a shuiteáil de réir na gcód náisiúnta agus áitiúil.
- Bí fíorchúramach agus ceallra damáistithe nó silteach á láimhseáil agat – ná déan an ceallra a dhíchóimeáil, a dhó, poll a chur ann, a bhrú nó a ghearrchiorcadadh. Má dhéanann tú teagmháil leis an leictirlít, nigh an craiceann nochta ag úsáid gallúnaí agus uisce. Má dhéanann an leictirlít teagmháil le do shúil, sruthlaigh an tsúil ar feadh 15 nóiméad le huisce. Má d'ionanálaigh tú an leictirlít, téigh amach san aer úr, agus déan monatóireacht ar an anáil agus ar an imshruthú. I ngach cás, faigh cúram liachta ar an bpointe.

Eolas úsáide

- Cinntigh go bhfuil na dálaí oibriúcháin (is iad sin, na dálaí leictreacha agus comhshaoil) laistigh de na sonraíochtaí atá liostaithe sa lámhleabhar trealaimh nó sna lámhleabhair trealaimh. Mura ndéantar é sin, féadfaidh sé a bheith mar chúis le hoibriú mínormálta trealaimh, le damáiste trealaimh agus/nó le díobháil phearsanta.
- Ná hoibrigh an trealamh mura bhfuil na cumhdaigh sábháilteachta nó na gnáthchumhdaigh air a suiteáladh chun cosc a chur ar theagmháil thimpisteach.
- Agus nasc á chruthú le ríomhaire deisce, cinntigh go bhfuil an tagairt talmhaithe chéanna ag na gléasanna. Agus nasc á chruthú le ríomhaire iniompartha, áfach, moltar an ceallra inmheánach a úsáid chun cumhacht a sholáthar don ríomhaire.
- Aire: Bí aireach go bhfuil seans ann go gcaillfear cumarsáid agus na dochtarraí á n-athrú.
- Más infheidhme, cinntigh go bhfuil na clúdaigh deannaigh suiteáilte mura bhfuil an snáithín in úsáid.
- Feadann nascóirí salacha nó scrafa a bheith ina gcúis le cailteanais mhóra ar nasc snáithín.



Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin

Caibidil 2: Ceanglais speisialta

Lascadh Cumhachta

Lasca Uathairithe LUA

- Féadann voltas guaiseach a bheith ina chúis le díobháil thromchúiseach nó le bás.
- Cas an chumhacht go léir as sula ndéanfar lasc aistrithe, nó aon cheann de na comhpháirteanna, a shuiteáil, a athrú, nó a bhaint amach.
- De bharr voltais agus srutha ghuaiseach, molann GE gur gá do theicneoir deimhnithe GE nó do leictreoir cáilithe an lasc a shuiteáil agus cothabháil a dhéanamh uirthi.
- Má dhéanfar an bhútáil innill a nascadh, féadfar an gineadóir a chur ar bun.
- Sula ndéanfar í a nascadh, cas an gineadóir as.
- AIRE: Na hoibrigh de lámh má tá cumhacht ar fáil.
- Caithfear* gléas cosantach, mar shampla scoradán ciorcaid chásáil mhúnlaithe nó lasc dhínasctha fiúis, a shuiteáil ar an dá fhoirse chumhachta ag teacht isteach, chun an ciorcad a chosaint agus mar ghléas dínasctha.
- Baineann gach tagairt don téarma “N” nó “Foinse 1” le gnáthfhoirse chumhachta.
- Baineann gach tagairt don téarma “E” nó “Foinse 2” le foirse chumhachta éigeandála nó mhalartach.
- De bharr voltais agus srutha ghuaiseach, moltar gur gá do theicneoir deimhnithe GE nó do leictreoir cáilithe an lasc a shuiteáil agus cothabháil a dhéanamh uirthi.
- Féadfaidh voltais ghuaiseacha a bheith ann sna naisc chríochnaithe/plocóidí críochnaithe seachas na voltais a théann isteach sa ghléas.
- Agus tástáil ardphoit nó thréleictreach á déanamh ar an gcuid chumhachta, *dínasc* na plocóidí painéil rialúcháin ón micreaphróiseálaí chun damáiste féideartha a sheachaint.

Braiteacht chumhachta

Claochladáin Ionstraime

- RABHADH: Caithfear friotaíocht athraitheach leanúnach a úsáid ionas nach mbeidh sé riachtanach an ciorcad thochrán ard-lúibe a oscailt nuair a athrófar luachanna friotaíochta. Mar a thagann méadú ar an bhfriotaíocht, druidfidh an voltas trasna na friotaíochta le luach ciorcadoscailte.
- Cuimhnigh i gcónaí go bhfuil claochladán ionstraime ina chuid den chiorcad lena bhfuil sé nasctha agus ná déan teagmháil leis na seoláin nó na teirminéil nó le páirteanna eile den chlaochladán ach amháin má tá a fhios agat go bhfuil siad talmhaithe go sásúil.
- Ba chóir go measfaí gurb ionann dromchla inslithe na gclaochladán múnlaithé agus dromchla boscóide poircealláin toisc go bhfuil strus voltais ann trasna an dromchla inslithe ar fad, ó na teirminéil go dtí na páirteanna talmhaithe miotail.
- Déan cásálacha miotalacha, frámaí miotalacha, boinn mhiotalacha, srl., de chlaochladáin ionstraime a thalmhú i gcónaí.
- Ba chóir go ndéanfaí an ciorcad tánaisteach a thalmhú in aice leis na claochladáin. Nuair a bhíonn ciorcaid tánaisteacha na gclaochladán idirnasctha, áfach, ba chóir nach mbeadh ach pointe talmhaithe amháin sa chiorcad seo chun comhthreomhaireacht thimpisteach le sreanga talmhaithe an chórais a chosc.
- Ná hoscail ciorcad tánaisteach de shruthchlaochladán nuair a bhíonn an claochladán fuinnmhithe agus ná fuinnmhigh an sruthchlaochladán nuair a bhíonn an ciorcad tánaisteach oscailte.
- Féadfaidh sruthchlaochladáin voltais tánaisteacha chiorcadoscailte a ghiniúint, a d'fhéadfadh a bheith guaiseach don phearsanra nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don chlaochladán, nó don trealamh atá nasctha leis an gcorcad tánaisteach.
- Chun cosaint ar dhamáiste do threalamh eile nó ar dhíobháil don phearsanra i gcás go gclisfeadh claochladán voltais, bíonn sé riachtanach de ghnáth an rátáil aimpéir fiúis is bige a úsáid, nach mbeidh ina cúis le crádhó fiúis. Má dhéantar an rátáil aimpéir fiúis a mhéadú chun crádhó a laghdú, baineann réiteach níos moille leis seo de ghnáth agus bíonn seans níos mó ann go ndéanfar damáiste do threalamh eile nó go ndéanfar díobháil don phearsanra.

Soláthairtí Dobhriste Cumhachta SDC

- Caithfidh úsáideoirí deiridh na cóid/rialacháin réigiúnacha sábháilteachta ceirde is infheidhme a chomhlíonadh agus an trealamh á shuiteáil, á oibriú nó á chothabháil. D'fhéadfadh marcáil bhreise nó lipéadú breise réimse a bheith riachtanach chun an leibhéal cuí TCP (Trealamh Cosanta Pearsanta) a shonrú leis an mbaol díobhála a bhaineann le stuasplanc a laghdú. Déan teagmháil le tacaíocht theicniúil chun eolas sainiúil táirgí a fháil.
- Caithfidh talmhú fonnaidh an cheallra-chórais a bheith nasctha leis an talmhú fonnaidh SDC.
- Má úsáidtear seolphíobáin, caithfear an seoltóir talmhaithe seo a chur sa seolphíobán céanna ina bhfuil na seoltóirí ceallraí.
- I gcás an aeriompair, dínascfar na cáblaí dearfacha agus diúltacha a théann go dtí fiúsanna/teirminéil an cheallra, agus aonrófar iad.
- Aire: Chun mífheidhm cheallra a sheachaint, caithfear gach paca ceallraí a athsholáthar! Ní féidir paca amháin a athsholáthar.

- Ná déan paca ceallraí nua agus sean-phaca ceallraí a nascadh riamh.
- Caithfidh duine cáilithe seirbhíse an ceallra a shuiteáil agus a sheirbhísiú. Ná ceadaiigh do phearsanra neamhúdaráithe teagmháil a dhéanamh leis an gceallra.
- Múch an trealamh agus bain na fiúsanna ceallra.
- Bíonn voltas agus sruth iomlán ann sna teirminéil ceallra i gcónaí. Má dhéantar teirminéil a ghearrchiorcadadh le chéile nó má dhéantar teirminéal ceallra ar bith a thalmhú de thaisme, féadfaidh sé seo a bheith ina chúis le díobháil thromchúiseach.
- Bíonn voltas ceallra contúirteach don sábháilteacht phearsanta. Ná déan teagmháil le teirminéil cheallra neamhinslithe.
- Bain fáinní agus uaireadóirí miotail nó ábhair mhiotail agus seodra miotail eile.
- Caith éadaí cosanta, mar shampla, lámhainní agus buataisí rubair agus spéaclaí cosanta.
- Ná coimeád earraí miotail i do phócaí ar féidir leo titim isteach sa chaibinéad ceallra.
- Caithfidh cosa na n-uirlisí a bheith inslithe agus caithfidh na huirlisí féin a bheith inslithe ionas nach ndéanfaidh siad na teirminéil cheallra a ghearrchiorcadadh.
- Ná lig d'uirlis gearrchiorcad a chruthú idir teirminéil cheallra aonair nó teirminéil cheallra ar leith nó leis an gcaibinéad nó raca.
- Ná cuir uirlisí nó páirteanna miotail ar bharr an cheallra agus ná cuir in aon áit iad óna bhféadfadh siad titim síos ar an gceallra nó isteach sa chaibinéad.
- Agus cáblaí á nascadh, ná lig do chábla riamh gearrchiorcad a chruthú trasna teirminéil an cheallra, sraith ceallraí, nó leis an gcaibinéad nó raca.
- Ailínigh na cáblaí ar na teirminéil cheallra ionas nach mbeidh an cluaisín cábla i dteagmháil le haon chuid den chaibinéad nó den raca, fiú má dhéanfar an ceallra a bhogadh.
- Má tá seans ann go bhféadfaí damáiste fisiceach a dhéanamh do na seoltóirí, déan iad a chosaint de réir na gcód go léir is infheidhme.
- Ná ceadaiigh don chábla teagmháil a dhéanamh le faobhair mhiotail.
- Chun an baol tine nó turrainge leictirí a laghdú, déan an ceallra a shuiteáil i limistéir faoi dhíon, atá saor ó éilleáin, ina rialaítear an teocht agus an bhogthaise.
- Caithfear ceallraí a athsholáthar ag úsáid ceallraí ón déantóir céanna a bhfuil an dáta táirgthe céanna orthu.
- Ná déan an ceallra a luchtú i gcoimeádán séalaithe.
- Tar éis an chumhacht a lascadh as, fan cúig nóiméad go dtí go ndíluchtóidh na toilleoirí SD toisc go maireann ardvoltas marfach ag teirminéil na dtoilleoirí leictrealaíocha.
- Caithfidh pearsanra cáilithe seirbhíse an obair cothabhála agus seirbhíse go léir a dhéanamh. Tá a foinse fuinnimh féin (ceallra) ag an SDC.
- Féadfaidh na hasraonta réimse-shreinge a bheith leictirithe, fiú má bhíonn an SDC dínasctha ón bpríomhlíonra.
- Féadfaidh voltais chontúirteacha a bheith ann agus an ceallra á oibriú.
- Caithfidh an ceallra a bheith dínasctha agus obair cothabhála nó seirbhíse á déanamh.
- Tá voltais sa SDC seo a d'fhéadfadh a bheith guaiseach.
- Bíodh ar eolas agat gur féidir leis an inbhéartóir atosú go huathoibríoch nuair a thagann an voltas príomhlíonra ar ais.
- RABHADH! Ardsruth talamhligin! Caithfidh talamhnasc a bheith ann sula nascfar leis an ionchur SA!
- Nuair a dhéantar an t-aonad a lascadh AS, ní dhéantar an SDC a aonrú ón bpríomhlíonra.
- Ná suiteáil an SDC i dtimpeallacht ina bhfuil ró-mhéid bogthaise nó in aice leis an uisce.

- Ná déan leachtanna a dhoirteadh ar an SDC nó ná lig d'ábhar coimhthíoch titim isteach ann.
- RABHADH! Baol turrainge leictrí. Ná bain na cumhdaigh.
- AIRE! Baol turrainge leictrí. Tá ceallraí sa SDC. Féadfaidh na hasraonta fearais a bheith leictirithe, fiú má bhíonn an SDC dínasctha ón bpríomhlíonra.
- Tá voltais sa SDC a d'fhéadfadh a bheith guaiseach.
- Ná hoscail an t-aonad; níl aon pháirt istigh ann ar féidir leis an úsáideoir a sheirbhísiú.
- Ba chóir go ndéanfadh pearsanra cáilithe seirbhíse an obair cothabhála agus seirbhíse go léir, ach amháin na ceallraí agus na cártaí plugála a athsholáthar.
- RABHADH! Is táirge SDC Aicme C2 é seo. I dtimpeallacht teaghlaigh, féadfaidh an táirge seo a bheith ina chúis le trasnaíocht raidió, agus féadfaidh a bheith ar an úsáideoir dul i mbun oibre breise.
- CONTÚIRT! Nuair a bhíonn an SDC á oibriú, bíonn na leictreonaic go léir nasctha leis an áirgiúlacht agus bíonn ardvoltais ann sna páirteanna inmheánacha go léir, lena n-áirítear an ceallra. Fiú tar éis an SDC a dhínascadh ón áirgiúlacht, déanann gach páirt laistigh de, lena n-áirítear an ceallra, voltais chontúirteacha a sheoladh (ach amháin an t-ascúr phort cumarsáide). Ar mhaithe le sábháilteacht, tá cead ag pearsanra údaraithe seirbhíse amháin cumhdach an chaibinéid a bhaint de.
- Is pearsanra cáilithe oilte iad na daoine atá údaraithe chun a bheith freagrach as sábháilteacht an trealaimh, an t-am ar fad agus a ngnáthdualgais á gcur i gcrích acu. Dá bhrí sin, bíonn eolas acu ar ghuaiseacha féideartha, agus féadann siad na guaiseacha seo a thuairisciú (déanann na daoine seo IEC 60364 a chomhlíonadh, chomh maith leis na rialacháin náisiúnta um shreangú agus na rialacháin um chosc ar thimpistí).

Seachadadh cumhachta

Diúscairt toilleoirí nó tuilí

- Ba chóir go ndéanfaí an toilleoir agus an leacht atá ann a dhiúscairt i mbealach atá i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla, stáit agus chónaidhme. Ní cóir go ndéanfaí an leacht a ligean isteach sa timpeallacht nó ba chóir go ndéanfaí an méid a ligtear isteach inti a íoslaghdú. Féach ar an mBileog Sonraí um Shábháilteacht Ábhar chun eolas breise a fháil.

Guais indóite tine thuilithe

- Tá leacht indóite Aicme IIIB i dtoilleoirí a d'fhéadfadh dul trí thine i gcás stua leictreach dá gcuirfí poll ar an gcásáil nó dá mbrisfí í. Ba chóir go ndéanfaí toilleoirí ina bhfuil na hábhair seo a chosaint ar bhealach oiriúnach ó dhamáiste meicniúil, agus iad a choimeád in áit ina bhféadfaí tine a chuimsiú nach ndéanfadh ach miondamáiste don limistéar máguaird nó a bheadh ina mionghuais dó.

Toilleoirí teipthe a láimhseáil

- Bíonn mórbholg amach ar roinnt toilleoirí teipthe de bharr brú inmheánach ón ngásáil sula ndéantar an ciorcad a réiteach. Ba chóir go mbeifí an-chúramach agus a leithéid de thoilleoirí á láimhseáil. Ba chóir go ndéanfaí toilleoir teipthe a ghearrchiorcadadh sula ndéanfaí é a láimhseáil (féach Cosaint ar Thurraing) Moltar ar a bharr sin ligean do thoilleoir a bhfuil bolg air fuarú sula ndéanfar é a láimhseáil. Laghdóidh sé seo an brú inmheánach, agus beidh seans níos lú ann go mbrisfidh an chásáil.
- Féach ar an mBileog Sonraí um Shábháilteacht Ábhar chun eolas a fháil faoi réamhchúraimí breise maidir le toilleoirí teipthe a láimhseáil.

Guais pléasctha

- Má úsáidtear fiúsanna toilleora i gceart, íoslaghdófar go mór an seans a bheidh ann go mbrisfidh an chásáil; ach cé go bhféadfaidh méid suntasach fuinnimh stóráilte a bheith ann má tharlóidh locht taobh istigh den toilleoir, féadfaidh an chásáil a bhriseadh go pléascach ar neamhni don fheidhm, fiú má tá na fiúsanna cearta inti. I gcás toilleoirí trí phas nach bhfuil fiús ach ar dhá theirminéal nó toilleoirí aon phas débhoscóide nach bhfuil fiús ach ar theirminéal amháin, agus a chuirtear le córais “delta” nó córais neamhthalmhaithe “wye”, féadfaidh locht inmheánach talmhaithe idir an chásáil agus an pas gan fiús, an chásáil a bhriseadh. Caithefear cuimhneamh ar na féidearthachtaí neamhdhóchúla seo agus na toilleoirí á n-aimsiú nó an trealamh á aimsiú.
- Mura mbíonn fiúsanna ag gabháil le toilleoirí nó trealamh, lean na treoracha fiúis atá molta sa Chaighdeán CP1 NEMA; Caighdeán ANSI / IEEE 18; nó déan teagmháil leis an Oifig Díolacháin General Electric is giorra duit.

Cosaint ar thurraing

- RABHADH: Dínasc toilleoirí nó trealamh ón gcumhacht sula ndéanfar aon obair. Seiceáil an bhfuil ciorcad oscailte ann chun a chinntiú go bhfuil na toilleoirí dínasctha ón bhfoinse chumhachta. Fan 5 nóiméad tar éis a dhífhuinnmhithe chun go bhféin-díluchtóidh an gléas, ansin déan na toilleoirí a ghearrchiorcadadh agus a thalmhú sula ndéanfar iad a láimhseáil.
- Toilleoirí a úsáidtear ar chórais chumhachta chun críocha seachróidaithe nó srathacha, bíonn friotóirí inmheánacha díluchtaithe iontu (curtha in iúl ar an ainmchlár) atá ceaptha chun an voltas a laghdú tar éis an chumhacht a lascadh as -déantar é seo tar éis cúig nóiméad do fhriotóirí rátaithe thar 600 volta, agus tar éis nóiméad amháin do fhriotóirí rátaithe 600 volta nó níos lú. Ní úsáidtear friotóirí i gcomhair feidhmchlár áirithe, mar a chuirtear in iúl ar an ainmchlár. Déanann ciorcad sa trealamh na toilleoirí seo a dhíluchtú de ghnáth. Seiceáil go ndearnadh é seo sula leanfar ar aghaidh. Tá éis an t-am atá curtha in iúl, ba chóir go ndéanfaí an toilleoir nó trealamh a ghearrchiorcadadh agus a thalmhú ag úsáid maide ciorrúcháin ag a bhfuil cos inslithe. Ansin, ag úsáid sreang ciorrúcháin, ba chóir go ndéanfaí na teirminéil toilleora a nascadh le chéile agus leis an gcásáil sula ndéanfar an gléas a úsáid.



Digital Energy

Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin

Caibidil 3: Dearbhú comhréireachta AE

Teimpléid chomhréireachta GE Digital Energy

Ar na trí leathanach seo a leanas tá an doiciméad cineálach Dearbhú Comhréireachta AE agus an tAguisín cineálach Dearbhú Comhréireachta AE a bhíonn istigh le táirgí GE Digital Energy.

EC Declaration of Conformity

Declaration No.

CE 11

Issuer's Name:

Address:

Authorized representative:

Address:

Object of the declaration

We (the Issuer) declare that the product(s) described above is in conformity with applicable EC harmonization Legislation:

Document No.	Title	Edition/Issue
--------------	-------	---------------

Harmonised standards or references to the specifications in relation to which conformity is declared:

Document No.	Title	Edition/Issue
--------------	-------	---------------

Additional Information

Signed for and on behalf of: (enter Issuers' company name here)

Name:

Function:

Signature:


Name:

Function:

Signature:

Issued Date:
Revised Date:





EC Declaration of Conformity Appendix

Declaration No.

(Unique ID number of declaration)

CE 11

Object of the declaration





Eolas maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Rialacháin

Innéacs

Innéacs Ginearálta

B	
BRAITEACHT CHUMHACHTA	16, 18

C	
CUSPÓIR AN DOICIMÉID	1

D	
DEARBHÚ COMHRÉIREACHTA AE	21

E	
EOLAS GINEARÁLTA	13

G	
GIORRÚCHÁIN	1
GLUAIS	7

L	
LASCADH CUMHACHTA	15

R	
RÉAMHCHÚRAIMÍ GINEARÁLTA SÁBHÁILTEACHTA	10
RÉAMHRÁ	1

S	
SIOMBAILÍ GRAFACHA	2, 7
STÓR FOCAIL	7

T	
TREORACHA CÓIMEÁLA	11
TREORACHA COMHSHAOIL	10
TREORACHA COTHABHÁLA	12

